COMHAD FÍRICÍ:
GCSE GAEILGE
Páipéar 1 – Léitheoireacht

Rewarding Learning

Léitheoireacht

Beidh uair go leith agat leis an pháipéar seo a dhéanamh agus beidh 60 marc ar fad ann.

Tá trí chuid i bPáipéar 1 – Léitheoireacht

1. Píosa léitheoireachta agus ceisteanna a théann leis – 20 marc

2. Iatán (Póstaer/Píosa eile) le léamh agus ceisteanna a théann leis.
   a. Gnáthcheist.
   b. Focail/frásaí atá ar comhchiall.
   c. Alt (80-100 focal) ar an dóigh a dtéann an t-iatán i bhfeidhm ar an léitheoir.

3. Aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla.
   Le staideár agus dul siar a dhéanamh don scrúdú seo, ní mór duit amharc siar ar na comhthéacsanna:
   1. An Duine sa tSochaí.
   2. An Domhan thart Orm.
   3. Infhostaitheacht.
   4. Pobail Ghaeltachta.
   5. Litríocht i nGaeilge.

1. **Léamhthuiscint** – Ba cheart go mbeifeá in ann píosaí a léamh i nGaeilge agus ciall a bhaint astu, fiú nuair nach dtuigeann tú gach uile fhocal sa téacs. Déan iarracht neart léitheoireachta a dhéanamh agus nuair atá focal ann nach dtuigeann tú, déan iarracht ciall na habairte a oibriú amach sula mbaineann tú úsáid as foclóir.

2. **Ag láimhseáil an iatáin** – Bí ag cleachtadh le tuairiscí nuachta nó sleachta eile, agus déan iarracht na príomhphointí a tharraingt amach astu. Is féidir peann aibhsithe a úsáid le cuidiú leat. Déan cleachtadh le focail atá ar comhchiall fosta. Beidh sé ina chuidiú duit foclóir a úsáid.

3. **Aistriúchán** – Léigh an píosa iomlán cúpla uair sa dóigh is go dtuigfidh tú comhthéacs an phíosa. Roghnaigh focail/frásaí ar leith agus aistrigh iad sula dtugann tú faoin rud iomlán a aistriú. Cuimhnigh nach gá duit gach uile fhocal a aistriú, agus gurb é ciall an phíosa an rud is tábhachtaí.